Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht

**An Bhruiséil, 25 Deireadh Fómhair 2024**

**CM 4658/1/24**
**REV 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0262(NLE)**

**TRANS**
**PROCED**

**TEACHTAIREACHT**

**AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN**

| | |
|---|---|
| Teagmháil: | isabelle.besson@consilium.europa.eu |
| Teil/Facs: | +32 2 281 8212 |
| Ábhar: | **Nós imeachta i scríbhinn agus freagrale seoladh le ríomhphostfaoin25 Deireadh Fómhair 2024,am na Bruiséile(13.00 CET), chuigavia-mar@consilium.europa.eu**<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa 233ú seisiún de Chomhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta a mhéid a bhaineann leis na leasuithe atá beartaithe a dhéanamh ar Chaibidil 2 (‘Teacht Isteach agus Imeacht Aerárthaí’), ar Chaibidil 3 (‘Teacht Isteach agus Imeacht Daoine agus a gCuid Bagáiste’), ar Chaibidil 6 (‘Aerfoirt idirnáisiúnta – Saoráidí agus Seirbhísí le haghaidh tráchta’) agus ar Chaibidil 8 (‘Forálacha Éascaíochta lena gcumhdaítear Ábhair Shonracha’) Mír C (‘Cuardach, tarrtháil, fiosrú teagmhas agus tarrthálas a éascú’), Mír E (‘Cláir Éascaíochta Náisiúnta a bhunú’), Mír F (‘Éascaíocht a Dhéanamh d’Iompar Daoine faoi Mhíchumas’) agus Mír G (‘Cúnamh d’Íospartaigh Tionóiscí Eitlíochta agus dá dTeaghlach’) leasuithe ar cuid iad de Leasú 30 d’Iarscríbhinn 9 – Éascú – a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta (‘Comhaontú Chicago’)<br>– Glacadh<br>– Tús an nós imeachta i scríbhinn |

Tar éis do Choiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) a chinneadh, an 23 Deireadh Fómhair 2024, an nós imeachta i scríbhinn a úsáid, iarrann an Uachtaránacht ar **na toscaireachtaí uile a chur in iúl go sainráite** an n-aontaíonn siad an CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa 233ú seisiún de Chomhairle na hEagraíochta Eitlíochta

Sibhialta Idirnáisiúnta a mhéid a bhaineann leis na leasuithe atá beartaithe a dhéanamh ar Chaibidil 2 (‘Teacht Isteach agus Imeacht Aerárthaí’), ar Chaibidil 3 (‘Teacht Isteach agus Imeacht Daoine agus a gCuid Bagáiste’), ar Chaibidil 6 (‘Aerfoirt idirnáisiúnta – Saoráidí agus Seirbhísí le haghaidh tráchta’) agus ar Chaibidil 8 (‘Forálacha Éascaíochta lena gcumhdaítear Ábhair Shonracha’) Mír C (‘Cuardach, tarrtháil, fiosrú teagmhas agus tarrthálas a éascú’), Mír E (‘Cláir Éascaíochta Náisiúnta a bhunú’), Mír F (‘Éascaíocht a Dhéanamh d’Iompar Daoine faoi Mhíchumas’’) agus Mír G (‘Cúnamh d’Íospartaigh Tionóiscí Eitlíochta agus dá dTeaghlach’) leasuithe ar cuid iad de Leasú 30 d’Iarscríbhinn 9 – Éascú a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta, mar a leagtar amach in 14369/24 é, tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga, a ghlacadh.

**Iarrtar oraibh AONTAÍMID, NÍ AONTAÍMID nó STAONAIMID a thabhairt mar fhreagra.**

Is tráth a fhreagraítear an cheist ba cheart aon ráitis aontaobhacha a dhéanamh, cé is moite de na ráitis aontaobhacha a rinneadh cheana ag Coreper.

Foilseofar an cinneadh ón gComhairle, má ghlactar é, san Iris Oifigiúil agus cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE.

Ní mór na freagraí a bheith faighte ag Ardrúnaíocht na Comhairle **faoi 13.00** CET (am na Bruiséile) **an 25 Deireadh Fómhair 2024** agus ba cheart iad a sheoladh le ríomhphost chuig **avia-mar@consilium.europa.eu**